



Chuig: Údaráis Bhainistíochta na nIar-Bhunscoileanna

Treoirínte maidir leis an bhForéigean i scoileanna

1. Cúlra

Ba mhaith leis an Aire Oideachais agus Eolaíochta a imní faoi eachtraí foréigin i gcoinne bhaill foirne sna hiar-bhunscoileanna a chur in iúl do na húdaráis bhainistíochta scoile. Amhail na láithreacha oibre eile, is féidir le baill foirne sna hiar-bhunscoileanna bheith ina n-íospartaigh den fhoréigean. Féadann foireann na scoileanna bheith i mbaol íde béil, bagairtí, ionsaithe nó cineálacha imeaglaíthe eile i gcaitheamh a n-oibre. Féadann an t-iompar sin teacht ó dhaltaí, tuismitheoirí, caomhnóirí, baill foirne eile nó ó chuairoteoirí.

Cé nach féidir gach eachtra foréigin a chosc, is féidir riosca de theagmhas na n-eachtraí sin a laghdú agus chun a n-iarmhairtí a íoslaghdú. Is féidir beartais scoile éifeachtacha tionchar dearfach a fheidhmiú ar réimse saincheisteanna chun an bhagairt ón bhforéigean a laghdú sna scoileanna. An t-idirghníomhú dlúth idir lucht bainistíochta na scoile leis na baill foirne agus leis na tuismitheoirí chun beartais scoile éifeachtacha a fhorbairt maidir le haraíonacht scoile, tromaíocht agus sláinte agus sábháilteacht; is leis sin a rannchuirtear le comhshaol scoile dearfach mar a nglacann gach duine leis an urraim dá chéile, leis an gcomhar agus leis an gceartas aiceanta mar ghnéithe an phobail scoile.

Cé gurb íseal é leibhéal na n-eachtraí foréigin tuairiscithe sna scoileanna, is cúis imní don Aire go ndéantar gach iarracht chun cultúr a chruthú agus a chothabháil sna scoileanna mar nach nglactar le gníomhartha foréigin, agus mar a dtéitear i ngleic le heachtraí, nuair a tharlaíonn siad, go héifeachtach agus go gasta.

Is sa chomhthéacs sin ar mian leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta aird na nÚdarás Bainistíochta Scoile a tharraingt ar na saincheisteanna seo a leanas:

- dualgas Údaráis Bhainistíochta na Scoile chun timpeallacht shábháilte a sholáthar d'fhostaithe agus do dhaoine eile sa scoil
- bearta le glacadh chun riosca na n-ionsaithe ar mhúinteoirí/phríomhoidí/leas-phríomhoidí agus ar bhaill foirne eile i bhfostaíocht na scoileanna a chosc nó a íoslaghdú

- bearta le glacadh chun tacú leis na baill foirne a ndearnadh ionsaí orthu nó a fuair bagairt ionsaithe; agus a áirithiú go nglactar beart iomchuí chun cumhdach i gcoinne a atarlaithe.

2. Dualgas na nÚdarás Bainistíochta chun Timpeallacht Scoile Shábháilte a Sholáthar

Ní foláir de réir an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989 agus de réir na Rialachán um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmiúchán Ginearálta), 1993; go n-áiritheodh na húdaráis bhainistíochta scoile ina ról mar fhostóirí chun sábháilteacht agus sláinte a bhfostaithe a áirithiú.

Forchuirtear dualgas cúraim leo sin ní hamháin d'fhostaithe ach freisin do gach duine eile i láthair sa scoil. Leagtar amach leis an reachtaíocht creatlach inar féidir le fostóirí sábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe agus daoine eile a shlánú. Ní foláir léi go ndrúchtódh fostóirí Ráiteas Sábháilteachta ach an méid seo a leanas a dhéanamh:

- ◆ na rioscaí a shainaithint
- ◆ measúnú ar na rioscaí don tsláinte agus don tsábháilteacht
- ◆ coimircí iomchuí a chur i dtoll a chéile.

Ba cheart in earnáil an oideachais go measfaí an foréigean bheith ina ghuais fhéideartha agus go dtabharfaí aghaidh air dá réir. Sa chás gurb ann do riosca don tsláinte agus don tsábhái

Iteacht ón bhforéigean, ní foláir coimircí iomchuí a chur i dtoll a chéile. Ba chóir go dtabharfaí san áireamh na himthosca sonracha a bhaineann le gach scoil faoi seach.

Ba cheart go rachfaí i gcomhairle leo siúd i mbaol maidir leis na bearta le glacadh, agus go ndéanfaí faireachán ar a n-éifeachtacht. Ba chóir go dtabharfaí eolas do na baill foirne faoi bhearta cosanta agus coisctheacha arbh ríbhunúsach dá sábháilteacht iad.

Áirítear leis na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmiúchán Ginearálta) 1993 an fhoráil go gcaithfí fógra a thabhairt don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta faoi theagmhais ina:

- n-éiríonn fostaí gan bheith in ann bheith ag obair ar feadh 3 lá nó níos mó as a chéile
- n-éiríonn gortú do dhuine éigin nach fostaí iad óna dteastaíonn cóir leighis

Ní foláir de réir na reachtaíochta go dtaifeadtar gach teagmhas go himmheánach ag an scoil.

3. Dualgais ghinearálta ar fhostaithe

Cuirtear leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 1989 agus leis na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 1993 dualgas ginearálta ar fhostaithe gan iad féin ná daoine eile a chur i mbaol trína ngníomhartha nó neamhghníomhartha i mbun oibre. Ní mór dóibh comhoibriú lena bhfostóir chun iad a chumasú chun reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta a chomhlíonadh. Ba i gcomhthéacs scoile a d'áireofaí leis sin dualgas chun cloí leis na nósanna imeachta arna leagan síos ag an údarás bainistíochta.

4. Bearta Coisctheacha

Aithnítear go mba cheart go mbeadh na bearta arna nglacadh le scoileanna ar cóimhéid leis an mbaol foréigin a bhraitear, agus go mbeidís comhréireach le héilimh gach scoil.

Córas athbhreithnithe rialta faoi éifeachtacht na mbeartas scoile chun aird phobal na scoile a dhíriú ar chúrsaí óna bhféadfadh eagla, frustrachas, teannas agus deacrachtaí cumarsáide teacht aníos laistigh den scoil. Is gnách go laghdaítear le sainathint agus réiteach luath na laigí sna beartais scoile bagairt an fhoréigin tar limistéar leathan de ghnó na scoile. Ba cheart go mbeadh na hathbhreithnithe sin chomh hionchuimsitheach agus ab fhéidir agus go mbainfeadh lucht bainistíochta, baill foirne, daltaí agus tuismitheoirí leo de réir mar ba chúfí.

Gríosáitear ar Údarás Bhainistíochta Scoile chun nósanna imeachta a bhreithniú, a chomhaontú agus a chur chun feidhme lena gcoiscfí nó lena n-íoslaghdófaí riosca an fhoréigin ar fhostaithe agus ar dhaoine eile i láthair sa scoil. Ba chóir go n-athbhreithneofaí na nósanna imeachta úd go rialta.

Baineann na nósanna imeachta leis an idirchaidreamh seachtrach agus le saincheisteanna eagrúcháin inmheánacha.

(a) Idirchaidreamh seachtrach

◆ **Soláthar faisnéise do thuismitheoirí/chaomhnóirí**

Ag meabhrú go mba cheart go mbeadh an chumarsáid idir an baile agus an scoil ag tarlú go minic, go hoscailte agus go dearfach; ba cheart go gcuirfeadh Údarás Bhainistíochta Scoile, i gcomhairle leis an bpríomhoide agus le baill foirne na scoile, an dea-chleachtas chun cinn do stiúradh na cumarsáide idir an baile agus an scoil.

Ba sa chomhthéacs sin ba chóir d'údarás scoile ciorclán a fhorbairt agus a thabhairt amach do thuismitheoirí de réir mar ba chúí, maidir le beartais agus nósanna imeachta i ndáil le cuairteanna ar an scoil; cruinnithe le múinteoirí; araíonacht scoile; agus nósanna imeachta um ghearáin.

(b) Nósanna Imeachta Scoile Inmheánacha

Ba cheart go gcoinneofaí nósanna imeachta scoile faoi athbhreithniú chun nochtadh do theagmhais foréigin laistigh den scoil a laghdú.

◆ **Tuismitheoirí/cuairteoirí chun na scoile a ligean isteach**

Na thuismitheoirí/cuairteoirí ar mian leo dul i gcomhairle le hoide ranga; ba cheart spreagadh a thabhairt dóibh chun coinne roimh ré a cheapadh leis an múinteoir ábhartha. Sna cásanna práinneacha nach mbíonn coinne réamhshocraithe iomchuí, ba chóir do thuismitheoir sa chéad dul síos fios a chur ar rúnaí/phríomhoide na scoile. An cleachtadh a bhaineann le thuismitheoirí ag dul faoi dhéin na seomraí ranga go díreach i gcaitheamh an ama teagaisc; ba cheart nach ligfí dó go neamhbhalbh. B'amhlaidh go sonrach nach mbeadh an rochtain ar mhúinteoirí ach amháin ar bhunús "coinne amháin". Sa chás go mbíonn saincheisteanna fógaire ina n-ábhar díospóireachta, ba chóir go ndéanfaí socrúithe chun na hagallaimh sin a stiúradh go príobháideach.

An agallóireacht a dhéanamh ag doras an tseomra ranga, agus maoirseacht chomhuaineach á thabhairt ar leanaí; ní thagann sí leis an gcumarsáid oscailte. Ba chóir go mbeifí ríchúramach chun a áirithiú nach dtarlaíonn comhairliúcháin idir thuismitheoirí agus múinteoirí laistigh de chluasraon na ndaltaí eile agus/nó na dtuismitheoirí.

◆ **Socrúithe do chruinnithe idir thuismitheoirí agus múinteoirí**

Ba cheart go dtabharfaí aghaidh sa Phlean Scoile ar shocrúithe do stiúradh na gcruinnithe foirmiúla idir thuismitheoirí agus múinteoirí. Ba chóir go dtabharfaí fógra leordhóthanach do thuismitheoirí faoi uainiú na gcruinnithe sin agus go dtabharfaí spreagadh dóibh chun ábhair inní a thabhairt aníos iontu.

◆ **Saincheisteanna araíonachta**

Faoi théarmaí Chiorclán M33/91, is iad na hÚdarás Bhainistíochta Scoile a bhíonn freagrach as cód iompair ar cóir agus éifeachtúil é, lena gcuimsítear rialacha, smachtbhannaí agus nósanna imeachta, a dhréachtú agus a chur chun feidhme sa scoil. Ba chóir go bhforbrófaí an Cód leis an bpríomhoide agus leis an bhfoireann i gcomhairle leis na thuismitheoirí agus le ceadú ón Údarás Bainistíochta Scoile. Ba cheart go scaipfí ciorclán i measc na dtuismitheoirí maidir leis an gCód nuair a bheidh sé críochnaithe.

Ba chóir go mbeadh sé mar aidhm leis an gCód chun cóid iompair inmhianaithe a chothabháil, go háirithe chun tuiscint agus comhar a chothú idir múinteoirí, daltaí agus tuismitheoirí chun cuidiú le scoileanna chun dul in oiriúint d'éilimh a gcuid daltaí agus an foras a bhunú do ghníomhartha freagracha ag a dhaltaí, agus chun féachaint ar phrionsabail an cheartais aiceanta. Aon smachtbhanna a ghearrfaí ar dhalta éigin; ba cheart go dtiocfadh sé i gcomhréir leis an gCód Araíonachta. Ba cheart go leagfaí amach go soiléir i gCód Araíonachta na scoile na nósanna imeachta do chur daltaí ar fionraí, agus ba chóir go gcloffí leo. Meastar sa Chód Araíonachta molta arna scaipeadh le ciorclán M33/91, an t-iompar ionsaitheach, bagarthach nó foréigineach i leith múinteora mar iompar tromchúiseach nó géar; agus d'fhéadfadh fionraíocht bheith ag teastáil leis.

Tá ábhar nua - Oideachas Saoránach Sóisialta Polaitiúil - tar éis bheith mar chroí-ábhar le Curaclam na Sraithe Sóisearaí ó mhí Meán Fómhair na bliana 1997 i leith. Ina theannta sin, tá an NCCA ag forbairt siollabais don Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte, lena gcuimseofar clár roimhe seo arna bhforbairt laistigh den Roinn. Is í aidhm lárnach leis na cláir seo chun dea-mheabhairshláinte a chothú i measc na hóige ionas nach ndéanfaidh ná nach dtacóidh siad le haon chineál foréigin i gcoinne daoine eile.

◆ **Nós Imeachta um Ghearáin**

Ar feitheamh nóis imeachta náisiúnta chomhaontaithe a thabhairt isteach, ba cheart go mbeadh nós imeachta soiléir i bhfeidhm ag na hÚdaráis Bhainistíochta Scoile, i gcomhréir leis na prionsabail den cheartas aiceanta, um próiseáil na ngearán ó thuismitheoirí/chaomhnóirí. Ba cheart go gcuirfí tuismitheoirí ar an eolas faoi na nósanna imeachta úd.

◆ **Saincheisteanna eile maidir le heagrúchán inmheánach**

Saincheisteanna eile maidir le heagrúchán inmheánach le breithniú ag an scoil agus beart á ghlacadh de réir mar is iomchuí:

- ◆ feasacht a mhéadú i measc bhaill foirne na scoile faoi bheartais na scoile i ndáil leis an araíonacht, an tromaíocht, an tsláinte agus an tsábháilteacht agus limistéir chomhbhainteacha lena n-áirítear bagairt an fhoréigin trí chainteanna agus idirphlé ag cruinnithe foirne
- ◆ rochtain ag cuairteoirí ar an scoil a shrianadh, ina timpeall agus laistigh de limistéir faoi leith laistigh den scoil
- ◆ úsáid comharthaí laistigh de thailte agus áitreabh na scoileanna
- ◆ riachtanas a chur ar gach cuairteoir chun tuairisciú chuig limistéar ainmnithe sa scoil, e.g. san áras fáilte
- ◆ úsáid suaitheantas cuairteoirí
- ◆ feasacht a spreagadh sa scoil go mba cheart go mbeadh suaitheantais ar gach cuairteoir ionas go n-aithneofaí daoine go tapa agus go nglactar beart iomchuí
- ◆ coimircí do mhaoín na scoile
- ◆ bearta slándála laistigh den scoil.

Moltar go mba cheart machnamh sonrach a thabhairt d'imthosca mar a mbíonn baill foirne na scoile: -

- ◆ ag láimhseáil airgid
- ◆ ag saothrú ina n-aonar ar áitreabh na scoile
- ◆ ag saothrú in áit iargúlta ar áitreabh na scoile
- ◆ ag dul i ngleic le gníomhaíochtaí lasmuigh den seomra ranga
- ◆ ag saothrú le daltaí le deacrachtaí iompair
- ◆ ag déanamh cuairteanna baile
- ◆ ar shiúl ón scoil in éineacht le daltaí

In imthosca eisceachtúla, féadfaidh scoileanna machnamh an iomchuí é chun oiliúint a thabhairt don fhoireann chun cúnamh leo:

- ◆ chun imthosca foréigneacha féideartha a shainaitheint agus a chosc agus
- ◆ chun cásanna foréigneacha féideartha a shuaimhniú.

5. Céimeanna le glacadh i gcás ionsaithe líomhnaithe

Ba chóir go bhforbródh Údaráis Bhainistíochta na Scoile nós imeachta sainithe go soiléir le forfheidhmiú i gcás ionsaí líomhnaithe ar dhuine ar bith i láthair sa scoil. Ba cheart go n-áireofaí leis an bpolasaí seo tiomantas láidir ag na húdaráis bhainistíochta scoile chun bheith lántacúil le híospartaigh an fhoréigin laistigh den scoil.

Glactar leis go gcaithfear breithiúnas a thabhairt i ngach aon chás. Ba chóir go n-áireofaí na gnéithe seo a leanas le gach nós imeachta ámh:

- (i) I gcás ionsaí, níor chóir go ndéanfaidh ball foirne iarracht chun seasamh i gcoinne foréigin más iad an t-airgead nó na hearraí an cuspóir leis an ionsaí. Ag brath ar na cúinsí, ba cheart go ndéanfaidh an ball iarracht chun an t-ionsaitheoir a shuaimhniú agus cabhair a lorg chomh tapa agus ab fhéidir.
- (ii) Ba chóir go dtuairisceofaí an teagmhas láithreach bonn chuig an bPríomhoide/Leas-phríomhoide/mBainisteoir de réir mar ba chúí, agus don té le freagracht as saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta sa scoil.
- (iii) Caithfidh an tacaíocht agus an chomhairleacht bheith ar fáil do gach íospartach a dteastaíonn siad uathu. D'fhéadfadh sé sin bheith neamhfhoirmiúil ó chomhghleacaithe, nó bheith ní b'fhoirmiúla ó ghairmithe leis an oiliúint chúí. Tugtar roinnt seoltaí teagmhála thíos. De réir mar is cuí, ba chóir go lorgfaí cúnamh míochaine láithreach bonn.

- (iv) Ba chóir go dtuairisceofaí an cás do na Gardaí, de réir mar ba chúí. Ba cheart gurbh iad an múinteoir a ndearnadh an t-ionsaí orthu a dhéanadh an tuairisciú sin de ghnáth.
- (v) Ba chóir go dtaifeadfaí sonraí na timpiste i Leabhar Teagmhas a choinnítear chun na críche sin sa scoil. Ba cheart go n-áireofaí leis an eolas a thaifeadtar sonraí pearsanta (ainm, aois, gairm) an íospartaigh agus an ionsaitheora nuair a bhíonn siad ar fáil; tuairisc faoin méid a tharla; na himthosca ónar éirigh an teagmhas; cathain agus cén uair a tharla sé; tuairisc ar aon ghortú; na hairm as ar baineadh leas; agus bunús don nós imeachta scoile a chlis; má chlis orthu. Cásanna ina ndearnadh imeagla nó bagairt ar bhaill foirne le foréigean fisiciúil; ba chóir iad a thaifeadadh freisin. Ba chóir tuairiscí a thabhairt freisin don údarás Sláinte & Sábháilteachta de réir mar ba ghá freisin.
- (vi) Ba cheart fógra a thabhairt do na hÚdaráis Bhainistíochta Scoile faoin teagmhas, agus ba chóir go dtarlódh cruinniú éigeandála den Údarás Bainistíochta Scoile. Ba chóir go mbreithneodh an tÚdarás Bainistíochta Scoile faoi fhógra a thabhairt dá chomhairleoirí dlíthiúla agus dá chuideachta árachais faoin teagmhas de réir mar ba chúí.
- (vii) Sa chás gur dhalta a rinne an t-ionsaí líomhnaithe, ba cheart go bpléifí leis an ábhar i gcomhréir le Cód Araíonachta na scoile.
- (viii) Ba chóir go bpléifí daltaí ina bhfeictear claonadh chun iompair fhoréigin lena dtuismitheoirí, múinteoirí, dtreoirchomhairleoir, dá mb'ann dóibh, agus leis an síceolaí ábhartha sa Roinn Oideachais & Eolaíochta. D'fhéadfadh measúnú síceolaíochta bheith iomchuí i roinnt cásanna agus/nó atreorú chuig ceann amháin de na gníomhaireachtaí cliniciúla.
- (ix) Sa chás gur tuismitheoir/caomhnóir a dhéanann an t-ionsaí líomhnaithe, ba cheart go dtabharfaí treoir i scríbhinn don duine láithreach bonn gan teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an múinteoir/scoil ar feitheamh breithniú agus fiosrú iomlán an ábhair ag Údarás Bainistíochta na Scoile. Ba chóir go gcomhfhreagródh an tÚdarás Bainistíochta Scoile leis an tuismitheoir/gcaomhnóir ina dhiaidh sin, ag rá:
- nach féidir leis glacadh leis an ionsaí
 - an beart atá ar intinn ag an Údarás Bainistíochta Scoile
 - na réamhchoinníollacha ar cheart iad a shásamh a mhaíomh sula dtugtar rochtain ar an scoil ar ais.
- (x) Na hiarratais do chead neamhláithreachta le baill foirne múinteoireachta, i ndáil le ball foirne a ndearnadh ionsaí orthu, ba chóir iad a sheoladh ar aghaidh chuig Rannán na Múinteoirí, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí. I gcás na mball foirne leis an gCoiste Gairmoideachais, ba cheart na hiarratais a sheoladh chuig an gCoiste lena mbaineann. Déanfar measúnú ar gach iarratas ar a bhfiúntais féin.
- (x) Sa chás gur ball foirne a dhéanann an t-ionsaí líomhnaithe, ba cheart go dtabharfaí treoir i scríbhinn don bhall foirne láithreach bonn gan teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an íospartach ar feitheamh breithniú agus fiosrú iomlán an ábhair ag Údarás Bainistíochta na Scoile. B'fhéidir go gcaithfí ceist

na fionraíochta a bhreithniú freisin sula nglactar le tuilleadh gníomhaíochta/beart araíonachta.

- (xi) Ba chóir go mbreithneofaí na himpleachtaí le teagmhais foréigin do bheartais scoile san araíonacht, sa tromaíocht agus sa tsláinte agus sábháilteacht agus in ábhair ghaolmhara. Ina theannta sin, ba cheart go mbreithneodh an scoil leordhóthanacht agus éifeachtacht na mbeart tacaíochta atá i bhfeidhm d'íospartaigh an fhoréigin laistigh den scoil.

6. Soiléiriú

Tagraítear leis an Údarás Bainistíochta Scoile sa Chiorclán seo do Bhoird Bhainistíochta, don Bhainisteoir agus don Choiste Gairmoideachais de réir mar is iomchuí.

Tuilleadh eolais

(i) An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

Is é an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, 10 Plás Uí Ógáin, Baile Átha Cliath 2 Teil: (01) 6620400, Facs (01) 6620417 an comhlacht náisiúnta le freagracht fhoriomlán faoin Acht as cur chun cinn na sláinte agus na sábháilteachta ceirde. Tá oifigí réigiúnacha ag an Údarás i mBaile Átha Luain, Corcaigh, Droichead Átha, Gaillimh, Luimneach, Sligeach agus Port Láirge. Tá sraith foilseachán ag an Údarás i leith gnéithe éagsúla lena n-áirítear treoir maidir leis an reachtaíocht, bileoga eolas faoin bhforéigean ag an obair agus ullmhú ráitis sábháilteachta agus an tromaíocht ag an obair. Ina theannta sin, áirítear le Tuairisc an Choiste Chomhairligh um Earnáil an Oideachais a foilsíodh i mí na Nollag 1995 Ráiteas Sábháilteachta samplach, agus tá sé ar fáil ón Údarás.

(ii) Seirbhís Síceolaíochta na Roinne

Beidh Seirbhís Síceolaíochta na Roinne, a bhunófar go gairid mar Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin na Roinne, (an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais), ar fáil mar sheirbhís tacaíocht do scoileanna i ndáil le daltaí aonair le deacrachtaí agus le cur chun cinn na dea-mheabhairshláinte i gcoitinne laistigh den scoil.

(iii) Foilseacháin na Roinne

Ciorclán M33/91 – Treoirínte maidir le beartas dearfach d'iompar agus araíonacht scoile

Tuairisc chuig an Aire Oideachais um Araíonacht sna scoileanna (Maeve Martin – 1997). Sainiúnaítear sa tuairisc seo, a dáileadh ar gach scoil, samhlacha den dea-chleachtas agus straitéisí do chur chun cinn agus cothabháil na dea-araíonachta sna scoileanna.

Treoirínte maidir le comhrac i gcoinne iompar na tromaíochta sna Bunscoileanna agus sna hIar-Bhunscoileanna.

(iv) Seirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe is Múinteoirí

Oibríonn an tSeirbhís Cúnaimh d’Fhostaithe ar bhonn píolótach do mhúinteoirí i dtrí lárionad ainmnithe - Cathair agus Contae Bhaile Átha Cliath, Contae agus Cathair Chorcaí, agus Gaillimh, Maigh Eo, Ros Comáin. Soláthraíonn na hOifigí Chúnaimh d’Fhostaithe tacaíocht rúnda agus seirbhís atreoraithe do bhaill foirne agus lucht bainistíochta sna bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna thar éagsúlacht fhorleathan fadhbanna agus deacrachtaí ag éirí aníos idir laistigh agus lasmuigh den láthair oibre.

Is iad seo a leanas na seoltaí teagmhála agus na huimhreacha teileafóin úd:

Corcaigh:

Seirbhís Cúnaimh d’Fhostaithe,
Teach Robert Scott,
6, Cé Phádraig,
Corcaigh (021 - 552442).

Baile Átha Cliath:

Seirbhís Cúnaimh d’Fhostaithe,
Senior House,
Na Naoimh Uile,
Bóthar Pháirc na nGrás,
Droim Conrach
Baile Átha Cliath 9 (01 - 8570209).

Gaillimh:

Seirbhís Cúnaimh d’Fhostaithe,
10 Teach Calbro,
Bóthar Thuama,
Gaillimh (091 - 773242/773243).

(vi) Cumann na hÉireann don Chomhairleoireacht agus don Síctearipe

Cothabhálann Cumann na hÉireann don Chomhairleoireacht agus don Síctearipe, 8 Sráid Cumberland, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath (012300061) bunachar sonraí de chomhairleoirí creidiúnaithe ar fud na hÉireann. Soláthraíonn an Cumann ainmneacha na gcomhairleoirí de réir réigiúin agus eolas maidir lena réimse saineolais, lena gcáilíochtaí, táillí; agus má ghlacann an comhairleoir le haosaigh, leanaí nó grúpaí.

(vii) Tacaíocht d’Íospartaigh

Soláthraíonn Tacaíocht d’Íospartaigh (Ceanncheathrú: Teach Haliday, 32 Cé Árann, Baile Átha Cliath 7 Teileafón: 01-8780870; craobhacha ar fud na tíre) tacaíocht d’íospartaigh na coireachta trí chéile. Reáchtálann an t-eagrais clár feasachta don óige freisin chun daoine óga a íogru do thionchair na coireachta.

8. Scaipeadh an Chiorcláin

Iarrtar ort a chinntiú go soláthraítear cóipeanna den chiorclán seo chuig na hionadaithe iomchuí le tuismitheoirí agus múinteoirí lena scaipeadh ar thuismitheoirí agus ar mhúinteoirí.

Edward Ward
Leas-Phríomhoide

Bealtaine 1999